

Déanadh go subhach síol Ádhaimh!

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 17]

Tadhg (mac Dáire) Mac Bruaideadha .cct.

1 Déanadh go subhach síol Ádhaimh!
san oidhche a-réir rug ar siur
mac ler beanadh dhínn ar ndoirche,
leanabh cígh ó n-oirche an t-iul.

2 Tógbhaim-ne an la-so lá Nodlag,
nuachlann Éabha ó mhór go mion,
ar gcroidhe suas le méid meanma
don ghéig go gcnuas neamhdha a-niogh.

3 Oircheas daoibh déanamh go subhach;
suairc an toradh tháinig dínn,
leanbh aobhdha do fhóir ar ndoghruing
ó óigh mhaordha mhongdhuinn mhín.

4 Inneosad daoibh madh áil éisdeacht
iomthús beirthe deighmhic Dé;
ní coiscéim ná léim tar líne
achd réim soisgéil fhíre é.

5 Do bhí an uair-sin - is é a thosach -
troimchíos Séasair ar sliochd fhíor
dá dhíol ag gach aon don uile;
ní saor do bhíodh duine dhíobh.

6 D'íoc an chíosa i gcathair Dáibhí
- diadha an turas - tháinig sí,
Muire ógh is í re n-iodhnaibh;
ógh do bhí gan iomdhaidh í.

7 Fuair Ioseph ar súr na cathrach
ar chionn oidhche dá hucht slim
áit i dtigh éandaimh is asail
don réadlain ghil fhasaidh fhinn.

8 Beiris Muire ar meadhón oidhche
d'éis a haisdir éanmhac Dé
gé do bhí uathadh fan aim-sin
uathadh ní nar fhaillsigh é.

9 Tug an damh [trá] tug an t-asal
aithne ar an rígh rugadh ann
[ó] chuaird bhúidh thaidhligh an tige

ag ainglibh múir nimhe a-nall.

10 Tug an talamh, tug an t-ai-éar
aithne i n-éinfheachd ar Uan Dé;
tearc, gé do bhí i n-adhbhaidh fhalaimh,
ní ar talmhain nar adhair é.

11 Do fhoillsigh an réalta ríoghdha
do na ríoghaibh ón rann thoir
an chéim-se fa céim saortha
[...] céim naomhtha a-noir.

12 Lucht coimhéada cruidh na cathrach
do-chíd-sean [chuire] i gcruth neoil
an ainnear i n-uair a thuismhidh
sluaigh aingeal go gcuislibh ceoil.

13 Do bhí an néal-sain 'n-a néal sholuis
- níor shoillse gné iná a ghné sin -
oidhche neamhdhubh dhóibh go ndearna
dealramh an tslóigh neamhdha ó nimh.

14 Labhrais riu neach as an néal-sain
dar nocht an sgéal nar sgéal rúin;
ar chan a ghnúis neamhdha ó néallaibh
cúis meanma do dhéanamh dhúinn.

15 “Ná bíodh sgáth ná uamhan oraibh”
ar an t-aingeal d’aitheasg chaoin
“do-bhéar don labhradh dá leanaim
sgéal bhus adhbhar deaghfhuinn daoibh.

16 “Rugadh slánuightheoir sluaigh domhain
dhaoibh a-níodh mar naoidhin mbig
i gcathair Dái-bhíoth - dáil oircheas;
láinshíoth cháigh don toircheas thig.”

17 An mac rugadh do ráidh sei-sean
ós é Críod ní cóir a chleith,
fear feithmhe gach aoin don uile
beirthe dhaoibh a bhuidhe a bhreith.

18 Canuid na haingil an uair-sin
aointiun cheoil nach cuala cluas
samhail a bhfuinn sin ná a slighe
ag druing ó thigh nimhe a-nuas.

19 “Glóir do Dhia is dá dhiongnaibh arda”
do b’é labhra lucht an neoil

“síodh do lucht daghthaile an domhain”
lucht athlaimhe ar choraibh ceoil.

20 Mar sin do fhoillsigh an t-aingéal
ar uair a bheirthe breith Dé;
teacht don bhláth neamhdha mar naoidhin
fáth meanma gach aoinfhir é.

21 Adhbhar meanman an mac ruig-se
ó fhréimh Ádhaimh d’íoc ar gcion
gein sin do chothuigh an chruinne
gein shochair don uile fhior.

22 Táirtheamar do thaobh an toirchis
[a-tá ó rug ní ré as sia]
gnáthaidh aga ghairm a ghuidhe
bráthair mar ainm duine ar Dhia.

23 Táirtheamar don toircheas chéadna,
a chlann Ádhaimh - ard an cion -
rí dín is fear dar bhfine
’n-a rígh ar teagh nimhe a-niodh.

24 Táirtheamar do thaoibh an leinibh;
i ló a bheirthei-sean - báidh linn;
do leanbh mar é is obar chéillidh -
cogadh Dé do réidhigh rinn.

25 Táirtheamar fós - is fáth meanma -
don mhac chéadna ar gcrann ós fiodh;
an dún ór fosdadh ar bhfine
do hosgladh múr nimhe a-niodh.

26 Táirtheamar de do dhruim toirbhirt;
tugsad aingil - ard an bhríogh -
ar bhfás d’fhiodh chumhra na cruinne
umhla a-niodh do dhuine dhíonn.

27 Táirtheamar de i ndiaidh ar seachráin,
sliocht Éabha na n-ainchion dtrom;
do mhún dá gach aon dá fhine
an raon go múr nimhe a-nonn.

28 Gá dú, ní fhéadfainn a n-áireamh
iomad na dtoirbheart thug dúinn
an mac do [shás] ógh an uair-se
pór na ngrás do b’uaisle úir.

29 Má do-chíthei-se, a chlann Ádhaimh,

gurbh adhbhar meanma a maoidh mé
lúdh i ngach éantoigh rer n-aoighidh
déantair do rún aonfhir é.

30 I ló a bheirthe bíom go faoilidh,
féasda 'n-a ainm dealbhthar dhúinn,
bíodh gabháil uainn ris gach n-aoighidh
d'anáir dá ghruaidh fhaoilidh úir.

31 Canam molta don mhac oirdhearc
éisdeam briathra beoil an ríogh;
oircheas dúnn mun am-sa uile
rún almsa ag gach duine dhíonn.

32 Ní craos ní huabhar ní himirt
ní huail meanman mholaim libh;
beanaidh an chéill 's fhearr as m'fhuighlibh
más dream go méin suilbhir sibh.

33 Caitheam san chruth-sa - cás molta -
maith dhiombuan an domhain ché
do shúil re hanáir nach athraigh
d'fhagháil dúinn i ndaghthaigh Dé. Déanadh